NA hACHTANNA UM RIALÚ FOIRGNÍOCHTA, 1990 AGUS 2007

IARRATAS AR DHEIMHNIÚ ATHBHREITHNITHE UM SHÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN

Údarás Rialaithe Foirgníochta:

Comhairle Contae Dhún na nGall

ÚSÁID OIFIGIÚIL

Dáta a fuarthas: _____
Uimh. Thag. Cláir: _____
Arna iontráil an: _____
Arna iontráil ag: _____
Táille a fuarthas: _____

Déantar iarratas leis seo faoi Chuid IIIA de na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, 1997 agus 2009, ar Dheimhniú Athbhreithnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán i leith na n-oibreacha beartaithe nó an fhoirgnimh lena mbaineann na pleananna, na ríomhaireachtaí agus na sonraíochtaí a ghabhann leis seo.

Uimh. Thagartha an Iarratais Bhunaidh ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán: _____

An Chúis leis an Iarratas ar Dheimhniú Athbhreithnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán: _____

_____

Uimh. Thagartha an Cheada Pleanála: _____

1. IARRATASÓIR

Úinéir / Léas-sealbhóir (scrios de réir mar is cuí)

AINM IOMLÁN _____

SEOLADH _____

_____

SÍNIÚ _____

UIMH. THEILEAFÓIN _____ DÁTA _____

Úinéir na n-oibreacha nó an fhoirgnimh (murab ionann é/í agus an duine atá luaite thuas)

AINM IOMLÁN _____

SEOLADH _____

_____

2. Ainm agus seoladh an duine/na ndaoine nó an ghnólachta/na ngnólachtaí ar cheart fógraí a sheoladh chucu (Úinéir/Léas-sealbhóir nó Dearthóir/Forbróir/Tógálaí)

_____

_____

3. Ainm agus seoladh an duine/na ndaoine nó an ghnólachta/na ngnólachtaí atá freagrach as na pleananna, na ríomhaireachtaí agus na sonraíochtaí a ghabhann leis seo a ullmhú.

_____

_____

_____

4. Seoladh (nó aitheantas riachtanach eile) na n-oibreacha beartaithe nó an fhoirgnimh lena mbaineann an t-iarratas.

_____

_____

5. Cur síos ar athruithe ar na hoibreacha beartaithe nó ar an fhoirgneamh ón iarratas bunaidh, ar athruithe iad a d'eascair (i) as cead pleanála a dheonú nó (ii) as an Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a dheonú:

_____

_____

_____

6. Achar an Láithreáin	Iarratas Bunaidh	Iarratas Athbhreithnithe
An líon stórtha íoslaigh	_____ (méadair chearnacha)	_____ (méadair chearnacha)
An líon stórtha os cionn leibhéal na talún	_____	_____
Airde an urláir uachtair os cionn leibhéal na talún	_____ (méadair)	_____ (méadair)
Achar urláir an fhoirgnimh	_____ (méadair chearnacha)	_____ (méadair chearnacha)
Achar iomlán urlár na talún	_____ (méadair chearnacha)	_____ (méadair chearnacha)

7. Méid na Táille (atá ag gabháil leis an iarratas seo) €_____

Ní mór tacar athbhreithnithe líníochtaí oibre a bheith ag gabháil leis an iarratas seo

TÁILLE AR DHEIMHNIÚ ATHBHREITHNITHE UM SHÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN

Déanfar an t-achar a ríomh bunaithe ar thomhas inmheánach an achair urláir ar gach urlár den fhoirgneamh

CUID A

Iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán nó ar Dheimhniú Athbhreithnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán i leith na nithe seo a leanas:-	
(a) obair a bhaineann le foirgneamh a thógáil nó le méadú a dhéanamh air.	€125, nó €2.90 do gach méadar cearnach den achar urláir atá á sholáthar, cibé acu is mó.
(b) obair –	
(i) a bhaineann le hathrú ábhartha a dhéanamh ar an taobh istigh d'fhoirgneamh.	€125, nó €2.90 do gach méadar cearnach den achar urláir ábhartha, cibé acu is mó.
(ii) a bhaineann le hathrú ábhartha a dhéanamh ar na dromchlaí seachtracha d'fhoirgneamh.	€125
(iii) a bhaineann le meascán de phointe (i) agus de phointe (ii) thuas	€125, nó €2.90 do gach méadar cearnach den achar urláir ábhartha, cibé acu is mó.
(c) foirgneamh ina bhfuil athrú ábhartha úsáide á dhéanamh	€125, nó €2.90 do gach méadar cearnach den achar urláir ábhartha, cibé acu is mó.
(d) oibreacha nó foirgneamh, ar ina leith a úsáidfear an foirgneamh lena mbaineann mar fhoirgneamh talmhaíochta.	€65, nó 80c do gach méadar cearnach os cionn 300 méadar chearnacha – (i) den achar urláir comhlán atá á sholáthar, nó (ii) den achar urláir ábhartha de réir mar a bheidh, cibé acu is mó.

CUID B

Is é €12,500 an táille uasta a bheidh iníoctha le hÚdarás Rialaithe Foirgníochta i leith iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán nó ar Dheimhniú Athbhreithnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán.

Is é €125 an táille íosta a bheidh iníoctha. I gcás go ndéanfaidh Údarás Rialaithe Foirgníochta aisíocaíocht i leith iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán nó ar Dheimhniú Athbhreithnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán, ní bheidh sé de thoradh ar an aisíocaíocht sin go laghdófar iarmhéid na táille go níos lú ná €125.

TABHAIR FAOI DEARA: Níor cheart airgead tirim a úsáid agus an íocaíocht thuasluaite á déanamh.

Deimhniú Athbhreithnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán

20B

(1) (a) Beidh deimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán ag teastáil i leith oibreacha—

(i) i gcás gur cuireadh an t-iarratas bunaidh ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán isteach sular deonaíodh cead pleanála, i gcás go mbeidh an deimhniú sin riachtanach de bharr cead pleanála a dheonú ina dhiaidh sin, chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an dearadh athbhreithnithe a d'eascair as an chead pleanála a dheonú (lena n-áirítear aon choinníollacha atá ag gabháil leis) ceanglais Chuid B den Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Foirgníochta, nó

(ii) i gcás go ndéanfar athbhreithniú suntasach ar dhearadh aon fhoirgnimh, ar na hoibreacha ar aon fhoirgneamh nó ar an mhéadú ar aon fhoirgneamh nó go ndéanfar athrú ábhartha nó athrú ábhartha úsáide ar aon fhoirgneamh ar dheonaigh údarás rialaithe foirgníochta deimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán ina leith.

(b) I gcás go mbeidh deimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán ag teastáil i leith na n-oibreacha nó na bhfoirgneamh uile, ní chuirfidh aon duine oibreacha den sórt sin i gcrích agus ní dhéanfaidh sé/sí athrú ábhartha úsáide i dtaca le foirgneamh den sórt sin—

(i) gan deimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a bheith aige/aici i leith na n-oibreacha nó an fhoirgnimh, nó

(ii) de shárú ar aon choinníollacha ar faoina réir a deonaíodh an deimhniú.

(2) Beidh iarratas ar dheimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán san fhoirm atá sonraithe chun na críche sin sa Tríú Sceideal.

(3) Beidh na nithe seo a leanas ag gabháil le haon iarratas ar dheimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán—

(a) cibé pleananna athbhreithnithe (lena n-áirítear plean láithreáin nó plean leagan amach agus líníochtaí de phleananna urláir, ingearchlónna agus codanna) (i ndúblach) agus cibé ríomhaireachtaí, sonraíochtaí nó mionsonraí athbhreithnithe eile a bheidh riachtanach chun—

(i) na hoibreacha nó an foirgneamh lena mbaineann an t-iarratas a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu nó air, agus

(ii) cur ar chumas an údaráis rialaithe foirgníochta a mheas cé acu a chomhlíonfadh nó nach gcomhlíonfadh na hoibreacha nó an foirgneamh, dá dtógfaí iad nó é de réir na bpleananna, na ríomhaireachtaí, na sonraíochtaí agus na mionsonraí eile sin, ceanglais Chuid B den Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Foirgníochta.

(b) cibé táille a fhorordófar ó am go chéile chun na críche sin i gCuid V.

(4) (a) Ar iarratas ar dheimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fháil, déanfaidh údarás rialaithe foirgníochta—

(i) an dáta fála a stampáil ar na doiciméid, agus

(ii) breithniú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais mhíreanna (2) agus (3).

(b) I gcás go measfaidh údarás rialaithe foirgníochta go gcomhlíonann iarratas ar dheimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán ceanglais mhíreanna (2) agus (3), seolfaidh sé chuig an iarratasóir admháil ina luafar dáta fála an iarratais.

(c) I gcás go measfaidh údarás rialaithe foirgníochta nach gcomhlíonann iarratas ar dheimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán ceanglais mhíreanna (2) agus (3), féadfaidh sé, de réir mar is cuí leis, ag féachaint do mhéid na mainneachtana na míreanna sin a chomhlíonadh, na nithe seo a leanas a dhéanamh i scríbhinn—

(i) fógra a thabhairt don iarratasóir go bhfuil an t-iarratas neamhbhailí agus nach bhféadfaidh an t-údarás breithniú a dhéanamh air, nó

(ii) ceanglas a chur ar an iarratasóir cibé pleananna, ríomhaireachtaí, sonraíochtaí nó mionsonraí eile, nó cibé táille bhreise, a bheidh riachtanach chun na míreanna sin a chomhlíonadh.

(d) I gcás go seirbheálfaidh údarás rialaithe foirgníochta fógra de réir fhomhír (c), seolfaidh sé gach ceann de na doiciméid agus an táille a bhí ag gabháil leis an iarratas ar ais chuig an iarratasóir.

(5) Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagail 15 go 17 amhail is dá mba thagairt d'iarratas ar dheimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán de bhun mhír (2) aon tagairt a dhéantar iontu d'iarratas nó d'iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán.

(6) I gcás go gcinnfidh údarás rialaithe foirgníochta deimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a dheonú, fara coinníollacha nó gan choinníollacha, beidh gach deimhniú den sórt sin san fhoirm atá sonraithe chun na críche sin sa Cheathrú Sceideal nó in aon fhoirm a bhfuil an éifeacht chéanna léi agus, i gcás go ndeonófar deimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán faoi réir coinníollacha, tabharfaidh an t-údarás rialaithe foirgníochta fógra don iarratasóir faoi na cúiseanna leis na coinníollacha sin.

(7) I gcás go gcinnfidh údarás rialaithe foirgníochta diúltú deimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a dheonú, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir faoin chinneadh sin agus faoi na cúiseanna atá leis.

(8) I gcás go ndeonóidh údarás rialaithe foirgníochta deimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán fara coinníollacha nó go ndiúltóidh sé deimhniú athbhreithnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a dheonú, tabharfaidh sé fógra don iarratasóir go bhféadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh chuig an Bhord in aghaidh chinneadh an údaráis rialaithe foirgníochta laistigh den tréimhse atá forordaithe i gCuid VI.